2025/1717

6.8.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1717 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Lúnasa 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad, agus go háirithe Airteagal 9(4) ([1]) ('den bhun-Rialachán'),

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 14 Meitheamh 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (an tSín nó 'an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 5 den bun-Rialachán'. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir ceithre tháirgeoir páipéir maisiúcháin de chuid an Aontais ('na gearánaigh') isteach an 2 Bealtaine 2024. Ba é tionscal páipéir maisiúcháin an Aontais a rinne an gearán de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2718 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe ([3]).

1.3. Bearta sealadacha

(4) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, an 16 Eanáir 2025, thug an Coimisiún achoimre ar na dleachtanna beartaithe do na páirtithe, agus thug sé sonraí dóibh faoi ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach ar leor iad chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais. Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de 3 lá oibre.

(5) An 14 Feabhra 2025, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/291 ([4]) ('an Rialachán sealadach'), d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an Rialachán sealadach').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO C, C/2024/3695, 14.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3695/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2718 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena gcuirtear allmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe, IO L 2024/2718, 25.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2718/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/291 ón gCoimisiún an 13 Feabhra 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L, 2025/291, 14.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/291/oj)

1.4. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(6) Tar éis nochtadh na mbunfhíoras agus na mbunbhreithnithe ar ar a mbonn a forchuireadh dleacht frithdhumpála shealadach ('an nochtadh sealadach'), chuir roinnt páirtithe leasmhara aighneachtaí i scríbhinn isteach inar chuir siad a dtuairimí in iúl maidir leis na torthaí sealadacha laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) den Rialachán sealadach. Áirítear orthu sin:

— na gearánaigh;

— úsáideoirí an táirge: Interprint GmbH;

— comhlachais tionscail: Comhlachas Tionscail Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne ('CNFPIA');

— táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne: Hangzhou Huawang New Material Technology Co. Ltd ('HUAWANG') agus Kingdecor Zhejiang Co. Ltd., ('KINGDECOR').

(7) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Reáchtáladh éisteachtaí le CNFPIA, leis na gearánaigh agus le KINGDECOR.

(8) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach dá gcinntí críochnaitheacha. Agus an Coimisiún ag teacht ar a thorthaí cinntitheacha, mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus rinne sé athbhreithniú ar a chonclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(9) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an nochtadh deiridh'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(10) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht freisin. Reáchtáladh éisteachtaí leis na gearánaigh agus le Kingdecor.

1.5. **Maímh maidir le tionscnamh**

(11) An 27 Eanáir 2025, chuir CNFPIA barúlacha isteach mar fhreagairt ar aighneacht na ngearánach an 27 Lúnasa 2024. Mar sin féin, cuireadh barúlacha CNFPIA isteach tráth nach raibh sé indéanta a thuilleadh iad a ionchorprú i gcéim shealadach an phróisis. Ina theannta sin, bhain a mbarúlacha le haighneacht na ngearánach mar fhreagra ar aighneachtaí páirtithe leasmhara eile ag an gcéim thionscnaimh, agus dá bhrí sin cumhdaíodh gnéithe a bhaineann leis an ngearán den chuid is mó. I bhfianaise na dtosca thuas, tugadh neamhaird ar na barúlacha sin ag an gcéim shealadach toisc nach ndéanfadh na haighneachtaí sin difear do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin ag an gcéim seo.

(12) Maidir leis an maíomh ó CNFPIA gur cheart don Choimisiún diúltú d'aighneacht na ngearánach an 27 Lúnasa 2024, ós rud é gur cuireadh isteach í tar éis an sprioc-ama 70 lá tar éis dháta foilsithe an fhógra tionscnaimh ([5]), chuir an Coimisiún i dtábhacht cé gur cuireadh barúlacha na ngearánach ar fáil sa chomhad oscailte, nár cuireadh san áireamh iad i bhfrisnéisí an Choimisiúin ar na barúlacha maidir le tionscnamh sa rialachán sealadach. In aon chás, ní dhéanfadh aighneacht na ngearánach an 27 Lúnasa 2024, ná aighneacht CNFPIA an 27 Eanáir 2025, difear do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin ag an gcéim shealadach, toisc gur bhain an dá aighneacht le torthaí an ghearáin.

(13) Dá réir sin, chloígh an Coimisiún lena chonclúidí in aithrisí (7) go (13) den Rialachán sealadach.

1.6. **Sampláil**

(14) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí in aithrisí (14) go (19) den Rialachán sealadach.

([5]) IO C, C/2024/3695, 14.6.2024.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(15) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (20) go (23) den Rialachán sealadach.

1.8. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(16) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithris (24) den Rialachán sealadach.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

(17) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (25) go (30) den Rialachán sealadach.

3. DUMPÁIL

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(18) Tar éis an nochta shealadaigh, d'athdhearbhaigh CNFPIA a bharúlacha go raibh neamhréir idir cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás agus Comhaontú Frithdhumpála de chuid EDT agus nár cheart é a chur i bhfeidhm, toisc nár chuir an Coimisiún fianaise leordhóthanach ar fáil chun a léiriú gur ann do shaobhadh suntasach in earnáil páipéir maisiúcháin na Síne.

(19) Mar a luadh cheana in aithris (37) den Rialachán sealadach, mheabhraigh an Coimisiún gur de réir Airteagal 2(6a)(a), an tríú fleasc, den bhun-Rialachán, nuair a shuíonn an Coimisiún gur ann do shaobhadh suntasach, ní féidir costas intíre a úsáid ach a mhéid a shuitear nach bhfuil siad saofa, ar bhonn fianaise chruinn iomchuí. Ar deireadh, maidir leis an neamhréir a líomhnaítear idir cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás seo agus a neamh-chomhoiriúnacht le Comhaontú Frithdhumpála de chuid EDT, thagair an Coimisiún do Ranna 3.2.1.9 agus 3.2.1.10 den Rialachán sealadach.

(20) Dá bhrí sin, deimhníodh torthaí sealadacha an Choimisiúin in aithris (41) den Rialachán sealadach.

3.2. **An Gnáthluach**

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(21) Tar éis an nochta shealadaigh, ní bhfuair an Coimisiún barúlacha nua maidir le saobhadh suntasach a bheith ann. Dá bhrí sin, deimhníodh na torthaí sealadacha in aithrisí (142) go (144) den Rialachán sealadach.

3.2.2. *Tír ionadaíoch*

(22) Tar éis an nochta shealadaigh, dúirt Interprint GmbH maidir leis an tír ionadaíoch a roghnú nach bhfuil coinníollacha táirgthe, praghsanna fuinnimh agus amhábhar agus struchtúir phá sa Téalainn inchomparáide leo siúd sa tSín. Mar sin féin, ní raibh fianaise ag gabháil leis an maíomh seo.

(23) Dá bhrí sin, deimhníodh na conclúidí in aithris (157) den Rialachán sealadach.

3.2.3. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

3.2.3.1. Amhábhair

(24) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh Kingdecor nach mór don Choimisiún costas dé-ocsaíde tíotáiniam ('TiO2') arna allmhairiú ag Kingdecor a úsáid mar luach ionadach le haghaidh TiO2 a cheannaítear ar bhonn intíre, ós rud é gurb ionann na táirgí allmhairithe agus na táirgí a cheannaítear ar bhonn intíre agus toisc gur allmhairigh Kingdecor sciar mór dá TiO2 ó thíortha nach bhfuil faoi réir saobhadh.

(25) D'áitigh Kingdecor gur cheannaigh sé TiO2 intíre ag a bhfuil íonacht os cionn 90 %, agus go raibh cion TiO2 comhchosúil ag an TiO2 a cheannaigh siad ó Chemours i Meicsiceo, agus ó Kronos sa Ghearmáin. Thairis sin, bhí saintréithe eile TiO2 allmhairithe inchomparáide le saintréithe TiO2 a ceannaíodh ar bhonn intíre. Mar thoradh air sin, tá praghas TiO2 allmhairithe ionadaíoch ar phraghas TiO2 a cheannaítear ar an margadh intíre.

(26) D'áitigh na gearánaigh go mbeadh sé míchuí praghsanna a úsáid ar ar allmhairigh Kingdecor TiO2, agus go raibh argóintí Kingdecor bunaithe ar léirmhíniú mícheart ar an dlí agus go raibh siad míthreorach. Luaitear in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mura bhfuil sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach, nach mór don Choimisiún an gnáthluach a ríomh bunaithe go heisiach ar chostais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa.

(27) D'áitigh na gearánaigh freisin go raibh ráiteas Kingdecor go raibh TiO2 a allmhairíodh ón Téaváin, ó Mheicsiceo agus ón nGearmáin 'díreach mar an gcéanna le TiO2 a fuarthas ar bhonn intíre', mícheart go fíorasach, toisc nár chuir Kingdecor san áireamh dhá shaintréith thábhachtacha de TiO2, is é sin cé acu a táirgeadh nó nár táirgeadh TiO2 tar éis an phróisis sulfáite nó clóiríde agus an chóireáil dromchla móilín. Ina theannta sin, meastar go bhfuil táirgeoirí TiO2 'ar cháilíocht níos airde' sa tSín fós ar leibhéal níos ísle i gcomparáid leis na táirgeoirí domhanda sa Téaváin, i Meicsiceo agus sa Ghearmáin. Níl na saintréithe sonracha ach ag TiO2 a cóireáladh ar bhealach sonrach a fhágann go bhfuil sé oiriúnach d'úsáid i bhfeidhmeanna páipéir maisiúcháin. TiO2 de ghrád lannáin a thugtar ar na gráid sin.

(28) D'áitigh na gearánaigh freisin nach féidir le táirgeoirí páipéir maisiúcháin aistriú idir TiO2 de ghrád clóiríde agus TiO2 de ghrád sulfáite go héasca. Bíonn dath níos goirme ar TiO2 de ghrád clóiríde de ghnáth, ach bíonn fordhathanna níos scothbhuí ar TiO2 de ghrád sulfáite. Mar gheall ar an easpa inionadaitheachta idir an dá ghrád, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid roimhe sin gur margadh táirgí ar leith é an margadh do TiO2 clóiríd-bhunaithe lena úsáid i lannán páipéir. Dá bhrí sin, ní féidir táirgí a tháirgtear i gcomhréir leis an bpróiseas sulfáite a mheas mar tháirgí 'atá díreach mar an gcéanna' le táirgí a tháirgtear i gcomhréir leis an bpróiseas clóiríde.

(29) Ar deireadh, d'áitigh na gearánaigh, fiú dá n-úsáidfeadh Kingdecor TiO2 de ghrád clóiríde go heisiach – rud a mheas táirgeoirí an Aontais a bheith an-neamhdhóchúil – ní féidir a rá gurb ionann TiO2 de ghrád clóiríde a fhaightear ar bhonn intíre sa tSín agus na táirgí ardcháilíochta a allmhairítear ó áiteanna eile. Chuir siad foilseacháin ó shaineolaithe margaidh ar fáil, inar luadh gur cheart táirgeoirí domhanda táirgí ardcháilíochta a mheas mar tháirgeoirí Leibhéal-1. Mheas sé freisin gur táirgí 'ardcháilíochta' iad na táirgí a tháirgeann na táirgeoirí sin. Luadh go sainráite na táirgeoirí TiO2 de ghrád lannáin a onnmhairíonn ón Téaváin, ón nGearmáin agus ó Mheicsiceo, i.e. Kronos agus Chemours, mar chuid den leibhéal sin. I gcodarsnacht leis sin, measadh nach raibh táirgeoirí de chuid na Síne a tháirgeann 'TiO2 ar cháilíocht níos airde' ach ina dtáirgeoirí Leibhéal-2.

(30) Ón tús, thug an Coimisiún dá aire go dtagann na maímh sin salach ar na torthaí a fuarthas in aithris (167) den Rialachán sealadach a ndearna an chuideachta maíomh ina leith go rathúil agus ar thacaigh sí leo le neart fianaise fíoraithe ar an láthair gur allmhairigh sí cáilíochtaí dé-ocsaíde tíotáiniam nach raibh ar fáil sa tSín. Dá bhrí sin, in éagmais aon fhianaise nua nó fianaise a fhíoraítear ar an láthair agus atá ag teacht salach ar na torthaí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh. Gan dochar don chonclúid sin, thug an Coimisiún aghaidh freisin ar an maíomh maidir le substaint. De réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithrisí (25), 51 agus 57 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2024 ([6]), measann an Coimisiún go bhfuil na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag cineálacha éagsúla TiO2 agus nach meastar gur táirgí éagsúla iad. Deimhníodh an toradh comhfhreagrach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/4 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2024 ([7]).

(31) Ina theannta sin, mheas an Coimisiún, cé gur chuir Kingdecor fianaise ar fáil gur tháinig méadú ar cháilíocht TiO2 a tháirgtear ar bhonn intíre le blianta beaga anuas agus go raibh roinnt sonraíochtaí teicniúla inchomparáide idir TiO2 a fuarthas ar bhonn intíre agus TiO2 a d'allmhairigh sé, gur chuir páirtithe eile fianaise i láthair go measann rannpháirtithe sa mhargadh fós go bhfuil difríochtaí cáilíochta fós ann agus go leanann siad d'idirdhealú a dhéanamh idir táirgeoirí Leibhéal 1 agus táirgeoirí Leibhéal 2.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L, 2024/1923, 11.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1923/oj)

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/4 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, IO L, 2025/4, 9.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/4/oj.

(32) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh sé cruinn gan praghsanna allmhairí Kingdecor a ghlacadh mar thagarmharc, ach an gnáthluach a ríomh bunaithe go heisiach ar chostais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa ón tír ionadaíoch.

(33) Ní bhfuarthas aon bharúil eile maidir le hamhábhair. Dá bhrí sin, deimhníodh na torthaí sealadacha agus na conclúidí sealadacha in aithrisí (163) go (169) den Rialachán sealadach.

(34) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Kingdecor nach bhfuil aon difríocht cháilíochta idir an TiO2 a tháirgtear sa tSín agus in áiteanna eile, agus go raibh saintréithe agus próisis táirgthe an táirge beagnach comhionann. Mar thaca leis an maíomh sin, chuir siad sonraí breise isteach i bhfoirm anailís saotharlainne. Thairis sin, chloígh Kingdecor leis an argóint gur úsáid siad TiO2 arna tháirgeadh tríd an bpróiseas clóiríde den chuid is mó in ionad an phróisis sulfáite a ghineann cáilíocht níos ísle, agus chuir sé in iúl gur sholáthair siad an doiciméadacht tacaíochta ábhartha ina n-aighneacht an 28 Márta 2025. Ar deireadh, d'áitigh Kingdecor nach loighciúil praghas tagarmhairc a bheith ar an táirge intíre, táirge atá ar cháilíocht níos ísle, atá níos airde ná praghas TiO2 allmhairithe, táirge atá ar cháilíocht níos airde.

(35) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin agus thagair sé d'aithrisí (30) go (32) thuas. Bhí an tagarmharc a úsáideadh ag teacht leis an gcostas comhfhreagrach sa Téalainn, ar tír í a measadh a bheith ina tír ionadaíoch iomchuí. Cé go raibh an praghas tagarmhairc a úsáideadh le haghaidh TiO2 níos airde ná na praghsanna allmhairiúcháin ó Kingdecor de cháilíocht a mhaítear a bheith níos airde, níor fhág sé sin go raibh an tagarmharc sin míchruinn. D'fhéadfadh go leor cúiseanna a bheith le difríochtaí praghsanna, agus ní gá go mbeadh baint ag na cúiseanna sin le saincheisteanna cáilíochta. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh sé cruinn an gnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn chostais táirgthe agus díolacháin atá ag teacht le praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa ón Téalainn, agus gan imeacht ón modheolaíocht sin le haghaidh ábhar ionchuir amháin ar an aon chúis amháin gur allmhairigh Kingdecor TiO2 ó thíortha eile.

(36) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Kingdecor go bhfuil neamhshiméadracht i modheolaíocht an Choimisiúin, nuair a ghlacann sé leis na costais iompair intíre iarbhír ar thaobh na n-onnmhairí, ach ar thaobh iompar intíre na n-amhábhar rinne sé na méideanna a thuairiscigh na táirgeoirí a athríomh.

(37) Mheas an Coimisiún gur comhlíonadh ceanglais Airteagal 2(6a), agus gur ríomhadh an gnáthluach ar bhonn costais táirgthe agus díola a bhí ag teacht le praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Is ábhar eile é ríomh an phraghais onnmhairiúcháin ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha, nach gcumhdaítear le forálacha an Airteagail sin. Dá réir sin, diúltaíodh don mhaíomh.

3.2.3.2. Tosca táirgeachta eile

(38) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis na tosca táirgeachta eile (saothar, leictreachas agus gal). Dá bhrí sin, deimhníodh na torthaí sealadacha agus na conclúidí sealadacha in aithrisí (170) go (172) den Rialachán sealadach.

3.2.3.3. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis

(39) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh Kingdecor go mbeadh costais díola dhírigh sna tagarmharcanna SGA a úsáideann an Coimisiún agus, chun comparáid chothrom a dhéanamh idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach ríofa, nach mór don Choimisiún a áirithiú go mbainfear costais díola dhírigh as an ngnáthluach ríofa. Tharraing Kingdecor aird ar ráitis airgeadais bhliantúla cuideachta amháin de chuid na Téalainne a áirítear i dtagarmharc foinseach Orbis, agus ar leathanach gréasáin dara cuideachta, a thug le fios go gcuireann na cuideachtaí iompar ar fáil.

(40) Mar fhreagra ar bharúlacha Kingdecor, d'áitigh na gearánaigh nár ghá coigeartú a dhéanamh ar na tagarmharcanna SGA maidir leis an ngnáthluach a ríomh le haghaidh Kingdecor toisc nach bhfuil a dhualgas cruthúnais chomhlíonta ag Kingdecor. Áitíonn na gearánaigh, cé go luann Kingdecor sleachta áirithe ó shuíomhanna gréasáin de chuid tháirgeoirí na Téalainne agus ó dhoiciméid inmheánacha chun tacú lena éileamh ar choigeartú, ní chruthaíonn na tagairtí sin, áfach, go n-áirítear costais dhíreacha faoi 'chostais oibriúcháin eile' roinnt de na táirgeoirí sin de chuid na Téalainne. Gabhálacha arna gcur ar fáil ag Kingdecor ó shuíomhanna gréasáin Siam Kraft Industry agus Thai Containers Group, ní léiríonn siad ach 'seirbhísí', nach gcruthaíonn go dtabhaítear na costais sin chun an táirge lena mbaineann a iompar ó áitreabh an onnmhaireora chuig ceannaitheoir neamhspleách, ná nach gcruthaíonn sé go

n-áirítear na costais sin faoi 'costais oibriúcháin eile'. Baineann an sliocht ó SIG Combibloc a luaigh Kingdecor leis an tuairisciú comhshaoil, agus go sonrach le hastaíochtaí raon feidhme-3. Eascraíonn na hastaíochtaí sin as gníomhaíochtaí maidir le sócmhainní nach bhfuil faoi úinéireacht ná faoi rialú na heagraíochta tuairiscithe ach a dhéanann difear dá slabhra luacha ar bhealach indíreach. Tá difríocht mhór idir comhthéacs an tuairiscithe comhshaoil agus an tuairisciú airgeadais atá ábhartha maidir leis an ngnáthluach a ríomh. Dá bhrí sin, ní féidir glacadh leis an sliocht mar chruthúnas go n-áirítear costais díola dhírigh leis na 'costais oibriúcháin eile' freisin.

(41) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint go mbeadh costas díolachán díreach i bhfoirm costais iompair i dtagarmharcanna SGA. Níor chuir Kingdecor fianaise leordhóthanach ar fáil go raibh costais díolachán agus iompair i sonraí tagarmhairc Orbis a úsáideadh, ná níor chuir sé aon chainníochtú don mhaíomh sin ar fáil.

(42) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh aon mhiondealú breise ar fáil go héasca le haghaidh chostais SGA na gcuideachtaí atá i gceist a tógadh ón mbunachar sonraí. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur, ina breithiúnas in 'CCCME' ([8]), mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta ar dtús, i gcomhréir leis an gcásdlí, má mhaíonn páirtí coigeartuithe faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán chun an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a dhéanamh inchomparáide chun an corrlach dumpála a chinneadh, nach mór don pháirtí sin a chruthú go bhfuil údar lena mhaíomh. Is orthu siúd ar mian leo brath ar na coigeartuithe sonracha a liostaítear in Airteagal 2(10)(a) go (k) den bhun-Rialachán atá an dualgas a chruthú nach mór na coigeartuithe sin a dhéanamh. ([9]) Dá bhrí sin, sa chás sin, mar atá san imscrúdú seo, ba faoi na páirtithe leasmhara a bhí sé, i gcomhréir leis an gcásdlí sin, an gá atá leis an gcoigeartú a iarradh a léiriú mar thaca le fianaise a thug siad ar aird le linn an imscrúdaithe. ([10])

(43) Chinn an Chúirt Ghinearálta ansin gur cheart a thabhairt faoi deara, cé go bhféadfadh an cleachtas maidir le coigeartuithe a dhéanamh a bheith riachtanach, faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán, chun difríochtaí idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach a dhéanann difear dá n-inchomparáideacht a chur san áireamh, nach féidir asbhaintí den sórt sin a dhéanamh i ndáil le luach a ríomhadh agus nach fíorluach é dá bhrí sin. Ní bhíonn tionchar ag tosca a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'inchomparáideacht an luacha ar an luach féin de ghnáth, toisc gur suíodh go saorga é. ([11]) Thairis sin, mar a tharla i gcás CCCME, sa chás atá idir lámha, áiríodh le ríomh an ghnáthluacha in aghaidh an chineáil táirge ar bhonn 'díreach ón monarcha' méid réasúnta le haghaidh chostais SGA agus ní raibh aon fhaisnéis ar fáil inar léiríodh gur áiríodh na costais atá faoi chaibidil i gcostais SGA na gcuideachtaí atá i gceist. Dá bhrí sin, i bhfianaise lánrogha an Choimisiúin i gcur i bhfeidhm Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán ([12]), chloígh cur chuige an Choimisiúin leis an gcásdlí is déanaí a bhaineann le maímh gan bhunús go bhfuil costais iompair san áireamh i gcostais SGA a úsáidtear chun an gnáthluach a ríomh faoi Airteagal 2(6a)(a), ar costais iad a mheasann an Coimisiún a bheith réasúnta le haghaidh leibhéal na trádála díreach ón monarcha.

(44) Dá bhrí sin, deimhníodh na torthaí agus conclúidí sealadacha in aithrisí (173) go (176) den Rialachán sealadach i dtaca leis an méid neamhshaofa agus réasúnta maidir le forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabús, a suíodh ar bhonn sonraí airgeadais ó cheithre chuideachta de chuid na Téalainne.

(45) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Kingdecor i gcás ceann de na ceithre chuideachta Théalannacha a úsáideadh chun costais ionadaíocha SGA agus corrlach brabúis a ríomh, nach raibh na sonraí a úsáideadh cruinn. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh agus d'úsáid sé corrlach brabúis ceartaithe 3,82 % (seachas 3,97 %) agus costais SGA 10,68 % (seachas 14,84 %) le haghaidh na cuideachta Thai Containers Group Company Ltd. Mar thoradh ar na hathruithe sin, rinneadh laghdú thart ar 0,9 % ar na corrlaigh dhumpála.

(46) Tar éis an nochta deiridh, chuir Kingdecor tuilleadh faisnéise ar fáil maidir leis na sonraí iniúchta atá ar fáil go poiblí maidir le 'Double A (1991) Public Company Limited', ceann de na ceithre chuideachta a cuireadh san áireamh chun na meánmhéideanna ualaithe réasúnta le haghaidh costais SGA agus le haghaidh corrlaigh bhrabúis a ríomh, rud a chruthaigh go raibh costais dáileacháin ('díol agus dáileadh') san áireamh sna figiúirí a d'úsáid an Coimisiún don chuideachta freisin.

([8]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, CCCME agus Eile v an Coimisiún, T-263/22, EU:T:2024:663, .
([9]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, CCCME agus Eile v an Coimisiún, T-263/22, EU:T:2024:663, mír 183.
([10]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, CCCME agus Eile v an Coimisiún, T-263/22, EU:T:2024:663, mír 185.
([11]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, CCCME agus Eile v an Coimisiún, T-263/22, EU:T:2024:663, mír 188.
([12]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, CCCME agus Eile v an Coimisiún, T-263/22, EU:T:2024:663, mír 184.

(47) Thug an Coimisiún dá aire, cé gur léiríodh sna sonraí nua a soláthraíodh gur cuireadh na costais dáileacháin san áireamh, nárbh fhéidir méid sonrach na gcostas dáileacháin sin a shainaithint iontu. Thairis sin, níor léir cad iad na costais dáileacháin faoin gceannteideal sin go díreach agus ní raibh aon fhianaise ag an gCoimisiún ar an gcomhad a léiríonn nach raibh iontu ach costais a ndearnadh coigeartú ina leith ar thaobh an onnmhairiúcháin mar a mhínítear in aithrisí (188) agus (189) den Rialachán sealadach. Is é sin le rá, níor chinn an Coimisiún go raibh na méideanna a suíodh ar bhonn na gcorrlach sin míréasúnta do leibhéal na trádála díreach ón monarcha, ag ar suíodh an gnáthluach. Níor chuir aon pháirtí leasmhar aon fhianaise ar fáil a chaithfeadh amhras ar an measúnú sin. Dá réir sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(48) Tar éis nochtadh deiridh breise, mhaígh na Gearánaigh nach raibh an fhoinse nua a úsáideadh le haghaidh shonraí airgeadais na gceithre chuideachta Théalannacha iontaofa agus d'áitigh siad gur chinn an Coimisiún go raibh sí 'do-úsáidte', agus iad ag tagairt d'aithris (153) den Rialachán sealadach.

(49) Thug an Coimisiún dá aire go ndearnadh tagairt in aithris 153 den Rialachán sealadach don doiciméad Excel ina raibh sonraí airgeadais maidir le cuideachta de chuid na Téalainne, arna gcur isteach ag an ngearánach. Níorbh fhéidir an doiciméad sin a fhíorú ar shuíomh gréasáin na foinse agus níor chumhdaigh sé ach an bhliain 2022, seachas an tréimhse imscrúdúcháin. An fhaisnéis a d'úsáid an Coimisiún ag an gcéim chinntitheach, ar faisnéis í a chuir Kingdecor isteach, cumhdaíonn sí an fhaisnéis iomlán ó cheithre chuideachta atá le fáil sa bhunachar sonraí céanna, agus ar féidir rochtain a fháil uirthi trí Roinn Forbartha Gnó Aireacht Tráchtála na Téalainne. Thairis sin, tá na sonraí níos déanaí agus i gcás ceann de na cuideachtaí – Thai Containers Group – rinneadh iniúchadh ar na sonraí, rud nárbh amhlaidh i gcás na faisnéise ó Orbis a úsáideadh roimhe sin. Dá réir sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

3.2.4. *Ríomh an ghnáthluacha*

(50) Thug Huawang dá aire go ndearna an Coimisiún coigeartú suas ar an ngnáthluach mar gheall ar CBL a tabhaíodh ar dhíolacháin onnmhairiúcháin ach nár aisíocadh, chun comparáid chothrom a dhéanamh idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach. Mheas Huawang nach bhfuil bonn cirt dlíthiúil leis an gcoigeartú sin agus gur cheart é a cheartú dá réir. D'áitigh Huawang nár mhínigh an Coimisiún an bunús dlí leis an gcoigeartú sin, ach ghlac sé leis go ndearnadh é faoi Airteagal 2(10)(b) den bhun-Rialachán. D'áitigh Huawang a thuilleadh nach féidir an coigeartú a dhéanamh ach amháin chun neodrú a dhéanamh ar thoisc a léirítear a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, rud nach ndearna an Coimisiún.

(51) Rinne an Coimisiún an coigeartú faoi Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán maidir le 'Tosca eile' ós rud é gur áiríodh CBL neamh-in-aisíoctha sa phraghas onnmhairiúcháin agus gur ríomhadh an gnáthluach faoi Airteagal 2(6a) glan ó CBL in-aisíoctha den sórt sin. Dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta an cur chuige sin in Sinopec. Sa chás sin, mheabhraigh an Chúirt ar dtús, mar atá sa chás seo, '*gur shuigh an Coimisiún [...] gur áiríodh i bpraghas onnmhairiúcháin tháirgí na n-iarratasóirí méid a chomhfhreagraíonn don CBL neamh-in-aisíoctha, cé gur ríomhadh an gnáthluach glan ó CBL, agus, thairis sin, gur thug na himthosca sin údar le coigeartú suas ar an ngnáthluach, chun comparáid chothrom a áirithiú.*' ([13]) Ar bhonn na tuisceana sin, shuigh an Chúirt '*gur léirigh an Coimisiún an gá le coigeartú [...] atá i gceist a dhéanamh.*' ([14]) Thairis sin, shuigh an Chúirt gurb é Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán an bunús dlí iomchuí leis an gcoigeartú sin. ([15])

(52) Dá bhrí sin, deimhníodh aithrisí (177) go (181) den Rialachán sealadach.

(53) Tar éis an nochta deiridh, maidir le modheolaíocht an Choimisiúin chun an coigeartú 13 % ar an CBL onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm le CBL onnmhairiúcháin inaisíoctha 0 %, chuir Huawang an argóinteacht chéanna isteach arís maidir leis an dearcadh atá acu ar mhodheolaíocht an Choimisiúin a mheastar a bheith earráideach agus rinne sé iarracht é a nascadh le córas custaim an laín adhmaid allmhairithe (próiseáil isteach).

([13]) Breithiúnas an 21 Feabhra 2024, *Sinopec Chongqing SVW Chemical Co. Ltd agus Eile v an Coimisiún Eorpach*, T-762/20, ECLI:EU:T:2024:113, mír 155.

([14]) Breithiúnas an 21 Feabhra 2024, *Sinopec Chongqing SVW Chemical Co. Ltd agus Eile v an Coimisiún Eorpach*, T-762/20, ECLI:EU:T:2024:113, mír 156.

([15]) Breithiúnas an 21 Feabhra 2024, Sinopec Chongqing SVW Chemical Co. Ltd agus Eile v an Coimisiún Eorpach, T-762/20, ECLI:EU:T:2024:113, mír 157.

(54) D'athdhearbhaigh an Coimisiún nach raibh baint ag an gcoigeartú 13 % maidir le CBL onnmhairiúcháin ar an táirge lena mbaineann le córas custaim na n-amhábhar (agus dá bhrí sin leis an CBL ar na hamhábhair). Chuir an Coimisiún an coigeartú sin i bhfeidhm chun comparáid chóir a bhunú idir an praghas onnmhairiúcháin, ina bhfuil CBL neamh-in-aisíoctha, agus an gnáthluach, arna ríomh glan ó CBL den sórt sin.

(55) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

3.2.5. *An praghas onnmhairiúcháin*

(56) Thairis sin, rinne Kingdecor tagairt d'aithris (184) den Rialachán sealadach, inar thug an Coimisiún le fios go bhféadfadh sé, ag céim chinntitheach, athrú a dhéanamh ar an gcur chuige maidir leis an ngnáthluach a chinneadh le haghaidh na ndíolachán trí chuideachtaí comhlachaithe san Aontas. Chuir an Coimisiún in iúl san aithris sin nach raibh an fhaisnéis uile maidir leis an gcostas a bhaineann le tuilleadh próiseála faighte aige go fóill. D'áitigh Kingdecor gur iarr sé ar an gCoimisiún cé acu ba mhian leis nó nár mhian leis faisnéis den sórt sin a fháil agus, dá bhrí sin, go raibh a dhualgais comhlíonta aige dul i gcomhar. D'áitigh siad nár cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, a chur chuige a athrú agus an ríomh a bhunú ar phraghsanna an aistrithe, a bhí, dar leo, ar neamhthuilleamaí.

(57) D'áitigh na gearánaigh ina bhfreagra ar na barúlacha nach raibh na díolacháin a rinne Kingdecor lena eintitis chomhlachaithe de chuid an Aontais ar neamhthuilleamaí agus gur admhaigh Kingdecor féin nach raibh praghsanna le ceannaitheoirí comhlachaithe agus neamhspleácha go hiomlán inchomparáide. Mhaígh siad, cé nach raibh an fhoclaíocht in aighneacht Kingdecor soiléir maidir le cé acu a bhí nó nach raibh praghsanna Kingdecor le ceannaitheoirí comhlachaithe níos airde nó níos ísle, gur léir ó chleachtais chinnteoireachta an Choimisiúin roimhe seo agus ó chásdlí gur féidir a mheas i gceachtar cás, praghsanna níos airde nó níos ísle, go bhfuil na praghsanna neamhiontaofa.

(58) D'aontaigh an Coimisiún go ndeachaigh Kingdecor go hiomlán i gcomhar agus gur chuir sé an fhaisnéis is gá ar fáil. Shoiléirigh an Coimisiún gur thug sé le fios in aithris (184) den Rialachán sealadach, mar gheall ar thráth fhíorú na n-eintiteas comhlachaithe san Aontas, nach raibh na costais chlaochlúcháin a tabhaíodh maidir leis na heintitis sin roimh na díolacháin deiridh iarrtha ag an gCoimisiún, nach raibh siad faighte aige ná nach raibh siad fíoraithe aige. Dá bhrí sin, ghlac an Coimisiún praghsanna an aistrithe go sealadach mar bhonn lena ríomh, gan a dheimhniú go nglacfadh sé le praghsanna an aistrithe ar neamhthuilleamaí le haghaidh na céime cinntithí.

(59) Tar éis fhíorú na sonraí a chuir eintitis chomhlachaithe de chuid Kingdecor san Aontas ar fáil, bhí an Coimisiún in ann a dheimhniú go raibh na hidirbhearta sin ar neamhthuilleamaí. Léirigh an fhianaise bhreise a cuireadh ar fáil idirbheartaíocht fhíor maidir le praghsanna agus coinníollacha idir Kingdecor agus a eintitis comhlachaithe san Aontas agus léiríodh sna figiúirí fíoraithe nach bhfuil na praghsanna caibidlithe sin níos ísle ná níos airde i gcónaí i gcomparáid leis na praghsanna a ghearrtar ar pháirtithe neamhchomhlachaithe. Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún lena chur chuige maidir leis an ngnáthluach a chinneadh le haghaidh na ndíolachán trí chuideachta chomhlachaithe san Aontas agus dhiúltaigh sé d'argóintí an ghearánaigh.

(60) Dá bhrí sin, deimhníodh aithrisí (182) go (184) den Rialachán sealadach.

(61) Tar éis an nochta shealadaigh,, dúirt Kingdecor gur cheart don Choimisiún méideanna earraí lochtacha a asbhaint óna ríomh ar an bpraghas onnmhairiúcháin.

(62) D'fhíoraigh an Coimisiún na sonraí is bonn leis an maíomh sin agus d'aontaigh sé leis an gceartúchán sin.

(63) Tar éis an nochta deiridh, shoiléirigh Huawang go raibh comhaireamh dúbailte ann toisc gur cuireadh an ráta CBL leis an ngnáthluach agus gur asbhaineadh é ón bpraghas onnmhairiúcháin an tráth céanna. Dheimhnigh an Coimisiún an earráid agus cheartaigh sé í. Athnochtadh na corrlaigh nua i nochtadh deiridh breise an 17.7.2025 agus cuireadh sprioc-am aon lae amháin ar fáil do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt. Bhí an sprioc-am i gcomhréir le hAirteagal 20(5) den bhun-Rialachán, lena bhforáiltear go bhféadfar tréimhse is giorra ná 10 lá '*a shocrú aon uair is gá nochtadh deiridh breise a dhéanamh*'.

(64) Níor soláthraíodh aon bharúil fhiúntach eile maidir leis an nochtadh deiridh breise.

3.2.6. *Comparáid*

(65) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an gcomparáid. Dá bhrí sin, deimhníodh aithrisí (185) go (189) den Rialachán sealadach.

3.3. **Corrlaigh dhumpála**

(66) Mar a shonraítear, tar éis maímh ó pháirtithe leasmhara, tá glactha ag an gCoimisiún dhá mhaíomh. Dá bhrí sin, tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar na corrlaigh dhumpála.

(67) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha arna sloinneadh mar chéatadáin den chostas, árachas agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Hangzhou Huawang New Material Technology Co., Ltd	26,4 %
Kingdecor (Zhejiang) Co., Ltd.	26,9 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn I	26,6 %
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	26,9 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(68) Tar éis an nochta shealadaigh, d'athdhearbhaigh CNFPIA an maíomh a rinne sé roimhe seo nár cheart Felix Schoeller agus Munksjö, dhá cheann de na ceithre ghearánach, a áireamh sa sainmhíniú ar Thionscal an Aontais de réir Airteagal 4.1 den bhun-Rialachán mar gheall ar a gcaidreamh le cuideachtaí de chuid na Síne. Dúirt CNFPIA freisin gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 6.9 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT a mhéid nár nocht sé mionsonraí idirbhearta páirtithe comhlachaithe.

(69) Mheabhraigh an Coimisiún gur tugadh aghaidh cheana féin ar na barúlacha maidir le seasamh na ngearánach agus a gcuideachtaí comhlachaithe sa tSín agus gur diúltaíodh dóibh in aithris (9) den Rialachán sealadach. Níor thug CNFPIA aon ghné nua i ndáil leis sin. Maidir le méid agus luach na n-idirbheart leis na cuideachtaí comhlachaithe de chuid na Síne a nochtadh, mheabhraigh an Coimisiún go bhforáiltear le hAirteagal 6.5 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT freisin *'go ndéileálfaidh na húdaráis le haon fhaisnéis ar faisnéis rúnda í [...], má tá cúis mhaith léirithe, amhlaidh'*. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(70) Tar éis an nochta deiridh, chuir CNFPIA a argóintí isteach arís maidir leis an sainmhíniú ar thionscal an Aontais, agus d'áitigh sé ina theannta sin nár chuir an Coimisiún a thástáil trí-chritéar seanbhunaithe féin i bhfeidhm ón gcás brící maignéise ina scrúdaítear suíomh na lárionad ceanncheathrún, T&F agus na láithreán táirgthe, méid/luach na n-allmhairí i gcomparáid le díolacháin iomlána, agus tionchar na n-allmhairí ar bhrabúsacht dhíolacháin iomlán an Aontais.

(71) Ar an gcéad dul síos, chuir an Coimisiún in iúl gur deimhníodh leis an sampla atá faoi chaibidil gur measadh fós gur cuid de thionscal an Aontais iad táirgeoirí de chuid an Aontais ag a bhfuil sciartha ísle allmhairiúcháin den táirge faoi imscrúdú óna gcuideachta chomhfhiontar chomhlachaithe sa tSín. [16] Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(72) Dá réir sin, chloígh an Coimisiún lena chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (197) agus (198) den Rialachán sealadach.

4.2. **Margadh ábhartha an Aontais a chinneadh**

(73) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (199) go (203) den Rialachán sealadach.

4.3. **Tomhaltas an Aontais**

(74) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (204) go (208) den Rialachán sealadach.

[16] Rialachán (CE) Uimh. 552/2005 ón gCoimisiún an 11 Aibreán 2005 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí brící maignéise áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 93, 12.4.2005, lgh. 6–30, aithrisí (70) – (75).

4.4. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.4.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(75) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (209) go (213) den Rialachán sealadach.

4.4.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(76) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (214) go (219) den Rialachán sealadach.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(77) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (220) go (224) den Rialachán sealadach.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(78) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (225) go (228) den Rialachán sealadach.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(79) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh CNFPIA, i bhfianaise an sciar theoranta den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín, nach mbeadh ach tionchar diúltach beag acu sin ar mhargadh an Aontais, rud a bhrisfeadh an nasc cúisíoch idir allmhairí ón tSín agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Mheabhraigh an Coimisiún nach bhfuil sa sciar den mhargadh ach ceann amháin de roinnt táscairí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, agus méid an chorrlaigh dumpála. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(80) Dá réir sin, chloígh an Coimisiún lena chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (229) go (231) den Rialachán sealadach.

4.5.2.3. Fás

(81) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithris (232) den Rialachán sealadach.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(82) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh CNFPIA go raibh na sonraí a cuireadh ar fáil sa ghearán agus na sonraí a cuireadh isteach sa Rialachán sealadach bunaithe ar an macraicheistneoir éagsúil maidir le, *inter alia*, figiúirí fostaíochta agus díolachán.

(83) Ar an gcéad dul síos, chuir an Coimisiún i dtábhacht go raibh an tréimhse imscrúdúcháin sa ghearán (i.e. ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023) agus tréimhse imscrúdúcháin an imeachta (i.e. ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2024) éagsúil, agus nár áiríodh sa ghearán faisnéis faoin mbliain iomlán 2023, a bheadh lasmuigh den tréimhse imscrúdúcháin. Ar an dara dul síos, d'fhíoraigh an Coimisiún na figiúirí a tógadh ón macraicheistneoir sa Rialachán sealadach agus rinneadh iad a choigeartú nuair ba ghá. Ar an tríú dul síos, bhí faisnéis sna sonraí díolachán a tuairiscíodh i dTábla 6 den Rialachán sealadach, faisnéis nár baineadh as an macraicheistneoir amháin, ach freisin as na sonraí coigeartaithe ó na táirgeoirí comhoibríocha de chuid na Síne, agus as sonraí coigeartaithe Eurostat, mar a mhínítear in aithris (204) agus fonótaí 126 agus 127 den Rialachán sealadach. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(84) In éagmais aon bharúil eile, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí in aithrisí (233) go (235) den Rialachán sealadach.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(85) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (236) agus (237) den Rialachán sealadach.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(86) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (238) go (241) den Rialachán sealadach.

4.5.3.2. Costais saothair

(87) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (242) agus (243) den Rialachán sealadach.

4.5.3.3. Fardail

(88) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh CNFPIA nár chuir an Coimisiún aon sonraí ar fáil, fiú sonraí innéacsaithe, a bhaineann leis na fardail. Chuir an Coimisiún i dtábhacht go raibh faisnéis faoi fhardail i dTábla 10 a bhaineann le stoic dheiridh.

(89) In éagmais aon bharúil nua, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (244) go (247) den Rialachán sealadach.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(90) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (248) go (255) den Rialachán sealadach.

4.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(91) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (256) go (260) den Rialachán sealadach.

5. **CÚISÍOCHT**

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(92) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh CNFPIA, mar gheall ar an sciar íseal den mhargadh atá ag allmhairí ón tSín, nach bhfuil aon nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus allmhairí na Síne. Thairis sin, ní théann ach allmhairí ón tSín agus ó thríú tíortha in iomaíocht le táirgeacht an Aontais, agus úsáideadh an méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín chun freastal ar an laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ó thíortha eile. D'ainneoin na n-eilimintí sin, chuir CNFPIA i dtábhacht go bhfuil an praghas allmhairiúcháin ón tSín níos airde in aon chás ná an praghas allmhairiúcháin ó thíortha eile agus nár cheart, dá bhrí sin, é a aithint mar an phríomhghné a bhrúigh síos praghsanna thionscal an Aontais nó a rinne shladghearradh orthu.

(93) Chuir an Coimisiún i dtábhacht, mar a mhínítear in aithris (262) den Rialachán sealadach, gur tháinig méadú os cionn 500 % ar sciar na Síne den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus gur bheag nár dhúbail na méideanna allmhairí ón tSín in imeacht bliana amháin. Mar a míníodh cheana in aithris (263) den Rialachán sealadach, bhí praghsanna allmhairiúcháin na Síne níos ísle go comhsheasmhach ná costas táirgthe thionscal an Aontais, rud a chuir brú ar phraghsanna, rud a rinne difear do staid eacnamaíoch thionscal an Aontais. Ós rud é, sa tréimhse chéanna, gur tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó thíortha eile, níor athraíodh an méid thuas. Ina theannta sin, cé go raibh meánphraghsanna na Síne níos airde ná praghsanna ó thríú tíortha eile, mar a mhínítear in aithrisí (273) agus (274) den Rialachán sealadach, ní raibh sciar den mhargadh os cionn 1 % ach ag tír amháin, agus tháinig laghdú géar iarbhír ar allmhairí ó thríú tíortha eile tar éis 2022. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nár chuir allmhairí ó thíortha eile leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Ar bhonn na fianaise thuas, agus ar bhonn gach táscaire eile a luaitear, d'áitigh an Coimisiún go raibh nasc cúisíoch idir an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín de réir bhrí Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(94) In éagmais aon bharúil nua, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (261) go (267) den Rialachán sealadach.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Laghdú tomhaltais*

(95) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (269) agus (270) den Rialachán sealadach.

5.2.2. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(96) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh CNFPIA go bhfuil deireadh leis an nasc cúisíochta idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí ón tSín de thoradh na n-allmhairí ó thríú tíortha eile, ós rud é go raibh a sciar den mhargadh comhchosúil leis an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín, agus go raibh na praghsanna allmhairiúcháin ó thíortha eile níos ísle ná an praghas allmhairiúcháin ón tSín.

(97) Chuir an Coimisiún i dtábhacht nach raibh an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó thríú tíortha eile comhchosúil leis an sciar a bhí ag allmhairí ón tSín, toisc gur léirigh an dá cheann acu treochtaí contrártha. Ar thaobh amháin, tháinig méadú tapa agus leanúnach ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú; ar an taobh eile, mar a mhínítear go mionsonraithe in aithris (274) den Rialachán sealadach, bhain allmhairí ó thríú tíortha eile buaicphointe amach in 2021, nuair a bhí buaicéileamh ar thionscal an Aontais, agus in 2022, nuair a bhí éileamh margaidh iarmharach ón mbliain roimhe sin fós ann. Faoi 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú 6 phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh go 3 %. Gan an Ríocht Aontaithe a áireamh, tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh atá ag tríú tíortha eile ó 5 % go 1 %. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(98) In éagmais aon bharúil nua, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (271) go (274) den Rialachán sealadach.

5.2.3. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(99) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (275) go (278) den Rialachán sealadach.

5.2.4. *Cúiseanna leis an staid dhíobhálach in 2020*

(100) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (279) go (281) den Rialachán sealadach.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(101) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (282) go (285) den Rialachán sealadach.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

6.1. **Corrlach gearrdhíola**

(102) Mar a mhínítear in aithris (62), ghlac an Coimisiún le maíomh Kingdecor maidir leis na hearraí lochtacha. Mar sin féin, ní raibh tionchar ag asbhaint na n-earraí sin ar na corrlaigh sladghearrtha agus ghearrdhíola arna ríomh ag an gcéim shealadach.

(103) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (287) go (296) den Rialachán sealadach.

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais**

6.3. **Saobhadh amhábhar**

(104) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (298) go (303) den Rialachán sealadach.

6.3.1. *Leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán*

6.3.1.1. Acmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir

(105) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh CNFPIA nach raibh údar le neamhchur i bhfeidhm riail na dleachta is lú, toisc nach ndearnadh measúnú ar thionchar an cheadúnaithe onnmhairiúcháin atá i bhfeidhm cheana ag an tSín maidir le honnmhairiú TiO2. D'áitigh CNFPIA freisin gur onnmhairigh an tSín méideanna substaintiúla chuig tíortha eile agus gur léirigh sé sin nach raibh aon tionchar ag an gceadúnú onnmhairiúcháin.

(106) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil ceadúnú onnmhairiúcháin ar cheann de na srianta a luaitear go sainráite in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, agus nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil tionchar na srianta a chainníochtú ann féin. In aon chás, ós rud é gurbh ionann praghas TiO2 a ceannaíodh ar bhonn intíre sa tSín agus thart ar leath phraghas TiO2 allmhairithe i ngach margadh eile measadh gur léiriú láidir breise ar an saobhadh a bhaineann leis an amhábhar sin. Níor chruthaigh an fíoras gur onnmhairigh an tSín cainníochtaí substaintiúla TiO2 nach raibh tionchar ag an srian atá i gceist ar an margadh intíre.

(107) In éagmais aon bharúil eile, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (305) go (306) den Rialachán sealadach.

6.3.1.2. Iomaíocht le haghaidh amhábhar

(108) Tar éis nochtadh sealadach, d'áitigh Kingdecor gur cheart don Choimisiún riail na dleachta is lú a chur i bhfeidhm, ós rud é go raibh táirgeoirí an Aontais faoi mhíbhuntáiste maidir le dé-ocsaíd tíotáiniam ('TiO2') a fhoinsiú ón tSín mar gheall ar éifeacht na ndleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm ([17]) ar an amhábhar sin, seachas na srianta ar onnmhairiú sa tSín.

(109) Chuir an Coimisiún i dtábhacht, mar a mhínítear in aithris (302) den Rialachán sealadach, gurbh fhiú beagnach leath an phraghais aonaid dé-ocsaíde tíotáiniam i dtíortha ionadaíocha an praghas aonaid dé-ocsaíde tíotáiniam sa tSín, lena n-áirítear an Téalainn, agus léiríodh é sin freisin sa chomparáid idir praghsanna intíre agus praghsanna allmhairiúcháin dé-ocsaíde tíotáiniam a chuir ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte isteach. Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dé-ocsaíd tíotáiniam faoi réir saobhadh de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán (aithris (303) den Rialachán sealadach).

(110) Dá réir sin, chloígh an Coimisiún lena chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (307) go (310) den Rialachán sealadach.

6.3.1.3. Éifeacht ar shlabhraí soláthair le haghaidh chuideachtaí an Aontais

(111) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (311) go (319) den Rialachán sealadach.

6.3.1.4. Tosca eile

(112) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (320) agus (321) den Rialachán sealadach.

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/4 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, IO L, 2025/4, 9.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/4/oj.

6.3.2. *Conclúid maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán*

(113) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh CNFPIA go mbeidh ganntanas sa soláthar páipéir maisiúcháin san Aontas mar thoradh ar fhorchur na ndleachtanna frithdhumpála, go dtiocfaidh méadú ar chostas allmhaireoirí agus úsáideoirí an Aontais agus go laghdófar a n-iomaíochas.

(114) Ar an gcéad dul síos, chuir an Coimisiún i dtábhacht gur chuir sé tuairimí úsáideoirí san áireamh cheana féin in aithrisí (314) go (321) den Rialachán sealadach. Léiríodh san anailís ar éifeachtaí dleachtanna frithdhumpála ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí de chuid an Aontais nach raibh tionscal an Aontais ag feidhmiú faoi lánacmhainneacht go fóill agus go mbeadh sé in ann freastal ar an éileamh a bheidh ann amach anseo; ina theannta sin, mheas an Coimisiún, dá bhforchuirfí dleachtanna ar an leibhéal atá beartaithe, agus gach ní eile a bheith comhionann, go dtiocfadh méadú níos lú ná 2 % ar a gcostas táirgthe trí mheán ualaithe (aithris (328) den Rialachán sealadach). Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(115) D'áitigh Interprint GmbH, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, go raibh na praghsanna a bhí ag soláthróirí de chuid an Aontais níos ísle i gcásanna áirithe ná na praghsanna a bhí ag soláthróirí de chuid na Síne, á chur i leith an Choimisiúin gur thug sé neamhaird ar fhíorais den sórt sin. Chuir an Coimisiún i dtábhacht go raibh barúlacha Interprint ginearálta agus nach raibh bunús leo. Mar sin féin, léiríodh san imscrúdú go raibh na meánphraghsanna ó sholáthróirí de chuid na Síne níos ísle go comhsheasmhach ná praghsanna thionscal an Aontais, mar a léirítear freisin san anailís ar shladghearradh praghais a chumhdaítear in aithrisí (217) go (219) den Rialachán sealadach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(116) Dá réir sin, chloígh an Coimisiún lena chonclúidí a leagtar amach in aithris (322) den Rialachán sealadach.

7. **Leas an Aontais faoi Airteagal 21 den bhun-Rialachán**

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(117) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (323) go (326) den Rialachán sealadach.

7.2. **Leas úsáideoirí agus allmhaireoirí agus trádálaithe neamhchomhlachaithe**

(118) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Interprint go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar an acmhainneacht táirgeachta san Aontas i gcomparáid leis na torthaí maidir leis an tréimhse imscrúdúcháin, gur tháinig méadú suntasach ar phraghsanna páipéir maisiúcháin ó tháirgeoirí an Aontais ó bhí lár 2024 ann, murab ionann agus praghsanna ionchuir, agus, i bhfianaise mhéid thionscal na n-úsáideoirí agus éifeacht na ndleachtanna frithdhumpála ar chostas táirgthe agus ar phraghas díola, nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar pháipéar maisiúcháin ón tSín.

(119) Mheabhraigh an Coimisiún nach é cuspóir na mbeart frithdhumpála deireadh a chur le hallmhairí páipéir maisiúcháin ón tSín, ach cothrom iomaíochta a athbhunú. Thairis sin, léirigh na barúlacha a chuir Interprint isteach staid shonrach na cuideachta agus, in éagmais barúlacha eile ó úsáideoirí, agus i bhfianaise na heaspa comhair ó allmhaireoirí agus trádálaithe neamhchomhlachaithe, ní raibh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh i dtaobh an mbeadh an fhianaise a chuir Interprint isteach agus a staid ionadaíoch ar thionscal na n-úsáideoirí. In aon chás, sa bhreis ar allmhairí ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ar phraghsanna neamhdhumpáilte, fiú i gcás ina sroichfeadh tionscal an Aontais acmhainneacht iomlán amach anseo, bheadh foinsí eile soláthair, amhail Ceanada, an Bhrasaíl agus an India, ar fáil d'úsáideoirí, d'allmhaireoirí neamhchomhlachaithe agus do thrádálaithe.

(120) Maidir leis an measúnú ar an gcostas táirgthe, chuir an Coimisiún i dtábhacht gur ríomhadh é sin trí éifeacht na ndleachtanna frithdhumpála (cibé acu atá siad socraithe ag an gcorrlach dumpála nó ag an gcorrlach díobhála) ar an gcostas táirgthe foriomlán a chur san áireamh. I gcás Interprint amháin, bheadh an méadú níos lú ná 1 %, agus i gcás na n-úsáideoirí a chomhoibrigh agus a chuir ceistneoir úsáideora isteach, bheadh sé níos lú ná 2 % ina iomláine. Thairis sin, mheabhraigh an Coimisiún nár chomhoibrigh aon allmhaireoir ná trádálaí neamhchomhlachaithe san imscrúdú seo, agus go raibh an maíomh gur dócha go raibh níos mó pearsanra fostaithe ag tionscal na n-úsáideoirí ná tionscal an Aontais ginearálta agus gan bunús. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

(121) I gcás ina ndeimhnítear dleachtanna frithdhumpála, d'áitigh Interprint gur cheart iad sin a shocrú ar leibhéal an chorrlaigh díobhála, agus dá bhrí sin ba cheart don Choimisiún riail na dleachta is lú a chur i bhfeidhm i bhfianaise na n-éifeachtaí ar an slabhra soláthair. Chun measúnú a dhéanamh air sin, d'iarr Interprint ar an gCoimisiún anailísí níos doimhne a dhéanamh ar thionchair dhóchúla (agus éagsúla) na mbeart frithdhumpála ar leibhéal na gcorrlach dumpála agus díobhála, agus a mheas gur dócha go bhfostódh tionscal na n-úsáideoirí níos mó pearsanra ná tionscal an Aontais.

(122) Ar deireadh, d'áitigh Interprint, i gcás ina gcinnfeadh an Coimisiún dul i mbun bearta frithdhumpála a fhorchur, gur cheart na bearta sin a chur ar fionraí le héifeacht ó dháta theacht i bhfeidhm na mbeart cinntitheach sin. Is é an chúis a bheadh leis an bhfionraíocht sin go bhfuil athrú sealadach tagtha ar dhálaí an mhargaidh mar gheall ar na coinníollacha a luaitear thuas, rud a chuir feabhas ar staid fhoriomlán thionscal an Aontais in iúl, chomh maith leis an bhfíoras nach dócha go ndéanfaí díobháil an athuair mar gheall ar bhearta a chur ar fionraí.

(123) Mheas an Coimisiún gur léirigh sonraí a chuir tionscal an Aontais isteach maidir lena n-acmhainneacht táirgeachta agus a ráta úsáide nár tháinig laghdú suntasach ar a n-acmhainneacht táirgeachta tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, mar a mhaígh Interprint, agus gur chuir a ráta úsáide ar chumas thionscal an Aontais freastal ar mhéaduithe ar an éileamh. Ina theannta sin, tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, bhí laghdú tagtha ar mheánphraghsanna in aghaidh an aonaid ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin, mar a léirítear thíos. Chomh maith leis sin, ní leor aon mhéadú a mhaitear ar phraghsanna thionscal an Aontais chun teacht ar an gconclúid go raibh feabhas tagtha ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais tar éis na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, níor comhlíonadh an critéar nach dócha go ndéanfaí díobháil an athuair mar thoradh ar an bhfionraíocht, i bhfianaise staid uafásach thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus an laghdaithe leanúnaigh ar mheánphraghsanna in aghaidh an aonaid allmhairí ón tSín.

(124) In éagmais aon bharúil eile, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (327) go (329) den Rialachán sealadach.

7.3. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(125) In éagmais aon bharúil, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí a leagtar amach in aithrisí (330) agus (331) den Rialachán sealadach.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

8.1. **Bearta cinntitheacha**

(126) Ar bhonn na gconclúidí ar ar thángthas orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

(127) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála cinntitheacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Hangzhou Huawang New Material Technology Co., Ltd	26,4 %	29,0 %	26,4 %
Kingdecor (Zhejiang) Co., Ltd.	26,9 %	23,0 %	26,9 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	26,6 %	27,0 %	26,6 %
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	26,9 %	29,0 %	26,9 %

(128) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Dá réir sin tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhiú de na rátaí sin agus ba cheart go mbeidís faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne'.

(129) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na dleachtrátaí frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an t-iarratas a chur chuig an gCoimisiún ([18]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(130) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú mar gheall ar na difríochta i ndleachtrátaí a íoslaghdú, tá gá le bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(131) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má chuirtear sonrasc faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ba cheart dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(132) Má thagann méadú mór ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle, tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann go háirithe, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála mar gheall ar fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, féadfar imscrúdú frith-imchéimnithe a thionscnamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha chun déanamh amhlaidh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta/dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá thoradh sin.

(133) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh na n-allmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach ina dteannta sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(134) Táirgeoirí onnmhairiúcháin nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba cheart dóibh a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an dleachtráta frithdhumpála iad le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) níor onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin; (ii) níl sé comhlachaithe le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air é sin a dhéanamh i gcainníochtaí substaintiúla.

([18]) Ríomhphost: TRADE-TDI-NAME-CHANGE-REQUESTS@ec.europa.eu; An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um an Trádáil, Stiúrthóireacht G, Wetstraat 170 Rue de la Loi, 1040 an Bhruiséil, an Bheilg.

8.2. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(135) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a suíodh agus an leibhéil díobhála a rinneadh do thionscal an Aontais, ba cheart na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na ndleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a bhunaítear faoin Rialachán seo.

8.3. **Cúlghabhálacht**

(136) Mar a luaitear i roinn 1.2, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge faoi imscrúdú faoi réir a gcláraithe.

(137) Mar a leagtar amach in aithris (341) den Rialachán sealadach, ní raibh an Coimisiún in ann cinneadh a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha beart frithdhumpála ag an gcéim sin den imscrúdú. Dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 10(4) den bhun-Rialachán, cé acu a bhaileofar nó nach mbaileofar bearta frithdhumpála cinntitheacha go cúlghabhálach maidir le hallmhairí le linn na tréimhse clárúcháin.

(138) Le linn chéim chinntitheach an imscrúdaithe, rinneadh na sonraí a bailíodh i gcomhthéacs an chláraithe a mheasúnú. Rinne an Coimisiún anailís lena fháil amach ar comhlíonadh na critéir faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán maidir le bailiú cúlghabhálach na ndleachtanna cinntitheacha.

(139) Leagtar amach in Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán na ceithre chritéar charnacha maidir le cé acu is féidir nó nach féidir dleachtanna a bhailiú le linn na tréimhse clárúcháin.

(140) Comhlíontar an coinníoll in Airteagal 10(4)(a) den bhun-Rialachán toisc gur cláraíodh allmhairí i gcomhréir le hAirteagal 14(5) den bhun-Rialachán.

(141) Tugadh deis do na hallmhaireoirí barúil a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 10(4)(b) den bhun-Rialachán tar éis fhoilsiú an Rialacháin maidir le clárú chomh maith le foilsiú an Rialacháin shealadaigh.

(142) De bhun Airteagal 10(4)(c) den bhun-Rialachán, is gá ‘stair dumpála thar thréimhse fhada a bheith ann, nó bhí an t-allmhaireoir ar an eolas faoin dumpáil a mhéid a bhaineann le méid na dumpála agus na díobhála líomhnaithe nó suite, nó ba cheart dó a bheith ar an eolas faoi’.

(143) Thairis sin, de bhun Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán, is gá ‘ardú mór breise ar allmhairí a bheith ann i dteannta leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin’, ardú is dócha a bhainfidh an bonn go tromchúiseach d’éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna cinntitheacha i bhfianaise uainiú agus mhéid na n-allmhairí sin agus imthosca eile.

(144) Tar éis bearta sealadacha, d’áitigh na gearánaigh gur comhlíonadh na coinníollacha uile maidir le bailiú cúlghabhálach na ndleachtanna, agus gur tháinig méadú mór ar allmhairí páipéir maisiúcháin na Síne isteach san Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin agus ó tionscnaíodh an t-imscrúdú maidir le páipéar maisiúcháin i mí an Mheithimh 2024. Ríomh an gearánach na méideanna allmhairí do 2024 ar bhonn na difríochta idir na méideanna allmhairí faoi chóid AC 48025400, 480255, 48059100 agus 48116000, agus na méideanna allmhairí le haghaidh páipéar maisiúcháin a suíodh in imscrúdú an Choimisiúin le linn na tréimhse imscrúdúcháin 2020.

(145) Mar sin féin, léiríodh in anailís an Choimisiúin ná tháinig aon mhéadú mór ar allmhairí sa bhreis ar leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar a leagtar síos in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán. I gcás na hanailíse sin, rinne an Coimisiún comparáid idir meánmhéideanna allmhairí míosúla an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin ([19]) agus na meánmhéideanna míosúla allmhairí le linn na tréimhse ón mí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe seo go dtí an mhí iomlán dheireanach roimh fhorchur na mbeart sealadach. Chomh maith leis sin, nuair a bhí meánmhéid allmhairí míosúla an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin á gcur i gcomparáid leis na meánmhéideanna allmhairí míosúla le linn na tréimhse ón mí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe seo go dtí an mhí inar forchuireadh bearta sealadacha agus an mhí sin san áireamh, níorbh fhéidir aon mhéadú mór eile a thabhairt faoi deara:

([19]) Leanadh sa mhodheolaíocht chun meánmhéideanna allmhairí míosúla an táirge lena mbaineann a ríomh le linn na tréimhse imscrúdúcháin an mhodheolaíocht chéanna a cuireadh i bhfeidhm sa Rialachán sealadach (fonóta (125)). Bhí 90 % d’allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Dá bhrí sin, coigeartaíodh an méid allmhairí trí 10 % a chur leis na luachanna a chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne isteach.

Tábla 1

Comparáid leis an Tréimhse Imscrúdúcháin Iomlán	Méid (kg)	Meán míosúil	Meánphraghas (EUR/kg)	Athrú ar an Méid ón Tréimhse Imscrúdúcháin	Athrú ar an Meánphraghas in aghaidh an Aonaid ón Tréimhse Imscrúdúcháin
An tréimhse imscrúdúcháin ([1])	23 615 753	1 967 979	1,93	-	-
Tréimhse B1 (Iúil 2024 - Meán Fómhair 2024) ([2])	1 501 280	500 427	1,49	- 75 %	- 23 %
Tréimhse B2 (Iúil 2024 - Eanáir 2025)	4 189 398	598 485	1,65	- 70 %	- 15 %

Foinse: Eurostat

([1]) Mar a shonraítear in aithris (62), tar éis maímh ó Kingdecor, tá glactha ag an gCoimisiún le maíomh amháin. Bhí tionchar aige sin dá réir sin ar na méideanna foriomlána agus ar an meánphraghas a ríomhadh le haghaidh na n-allmhairí ón tSín.

([2]) Ghlac an Coimisiún le tréimhse B1 mar thréimhse dar tús na chéad mhíosa iomláine tar éis an tionscnaimh, agus dar críoch na míosa iomláine deireanaí nuair a foilsíodh an Rialachán sealadach. Bhreathnaigh an Coimisiún ansin freisin ar thréimhse B2, ag tosú sa chéad mhí iomlán tar éis an tionscnaimh, agus ag críochnú sa mhí roimh theacht i bhfeidhm na mbeart sealadach.

(146) Nuair a chuirtear ceachtar de na tréimhsí (B1 nó B2) i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin iomlán, tháinig laghdú ar mheánmhéideanna allmhairí ón tSín, thart ar 70 go 75 % agus tháinig laghdú idir 15 % agus 23 % ar na praghsanna.

Tábla 2

Comparáid idir na tréimhsí céanna	Méid (kg)	Meán míosúil	Meánphraghas (EUR/kg)	Athrú ar an Méid ón Tréimhse Imscrúdúcháin	Athrú ar an Meánphraghas in aghaidh an Aonaid ón Tréimhse Imscrúdúcháin
An tréimhse imscrúdúcháin is tréimhse chéanna B1 (Iúil 2023 - Meán Fómhair 2023)	5 559 532	1 853 177	1,99	-	-
Tréimhse B1 (Iúil 2024 - Meán Fómhair 2024)	1 501 280	500 427	1,49	- 73 %	- 25 %
An tréimhse imscrúdúcháin is tréimhse chéanna B2 (Iúil 2023 - Eanáir 2024)	12 237 081	1 748 154	1,93	-	-
Tréimhse B2 (Iúil 2024 - Eanáir 2025)	4 189 398	598 485	1,65	- 66 %	- 15 %

Foinse: Eurostat

(147) Agus an tréimhse á sainiú ón gcéad mhí iomlán tar éis an tionscnaimh agus lena n-áirítear an mhí inar chuir an Coimisiún allmhairí páipéir maisiúcháin faoi réir a gcláraithe (i.e. Iúil 2024 go Meán Fómhair 2024), a raibh meánmhéid míosúil allmhairí 500 427 kg mar thoradh air, méid atá 73 % níos ísle ná an meán míosúil le linn na tréimhse céanna a bhí laistigh den tréimhse imscrúdúcháin.

(148) Leis an gcomparáid ón gcéad mhí iomlán tar éis an tionscnaimh go dtí an mhí inar forchuireadh bearta sealadacha (i.e. Iúil 2024 go dtí Eanáir 2025), léiríodh laghdú 66 % ar allmhairí ón tSín freisin i gcomparáid leis an meán míosúil sa tréimhse chéanna den tréimhse imscrúdúcháin.

(149) Mar a míníodh cheana in aithris, léiríonn an dá anailís nach raibh aon mhéadú mór ar mhéideanna allmhairí tar éis thionscnamh an cháis.

(150) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíontar na ceithre choinníoll charnacha maidir le bailiú cúlghabhálach.

9. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(151) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán 2024/2509 ([20]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(152) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir maisiúcháin, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 4802 54 00, ex 4802 55, ex 4805 91 00 agus ex 4811 60 00 (cóid TARIC 4802 54 00 10, 4802 55 15 10, 4802 55 25 10, 4802 55 30 10, 4802 55 90 10, 4805 91 00 10, agus 4811 60 00 10), agus a bhfuil na saintréithe a leanas acu:

— meáchan 30-150 g/m2; cion luatha idir 5 % agus 50 %;

— ionsúiteacht Klemm 12 mhilliméadar ar a laghad in aghaidh an 10 nóiméad nó bailiú roisín idir 20 % agus 200 %;

— neart teanntachta fliuch idir 6 agus 12 Newton (N) in aghaidh an 15 mhilliméadar;

— póiriúlacht Gurley idir 3 agus 80 soicind in aghaidh an 100 millilítear;

— réidhe idir 20 agus 300 de réir mhodh Bekk;

— i ríleanna a bhfuil leithead suas le 300 ceintiméadar acu;

— bíodh sé réamhthuilte le meascán de laitísí nó de cheanglóirí nádúrtha (mar shampla stáirse) nó ná bíodh;

— gan páipéar balla agus clúdaigh bhalla chomhchosúla a áireamh;

— gan páipéir a áireamh atá sáithithe le mealaimín uiscebhunaithe, úiré, feanól nó le haon tuaslagán roisín teirmithéachtach teirmeaplaisteach,

— agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála cinntitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar na táirgí a bhfuil tuairisc orthu i mír 1 agus arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
Hangzhou Huawang New Material Technology Co., Ltd	26,4 %	89LJ
Kingdecor (Zhejiang) Co., Ltd.	26,9 %	89LK
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn I	26,6 %	
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	26,9 %	8999

([20]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024)).

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, *mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid san aonad atá á úsáid againn) den (táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa [tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.*' Go dtí go dtabharfar an sonrasc sin i láthair, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir leis na hallmhairí eile uile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na dleachta frithdhumpála sealadaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/291 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, déanfar iad a bhailiú go cinntitheach. Na méideanna arna n-urrú de bhreis ar an dleacht frithdhumpála, déanfar iad a scaoileadh.

Airteagal 3

Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nach ndearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (an 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2024);

(b) nach bhfuil sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur leis an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus

(c) gur onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann, sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid mór a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Lúnasa 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuideachtaí comhoibríocha eile

Ainm na cuideachta	Cód breise TARIC
Sunshine Oji (Shouguang) Specialty Paper Co., Ltd	89LL
ZIBO OU-MU SPECIAL PAPER CO., LTD	89LM
Winbon Technocell New Materials Co., Ltd.	89LN